Sraith sheachtainiúil ba ea í seo a bhíodh á foilsiú in The Irish Times sa bhliain 2012 agus sa chéad chuid den bhliain 2013. Ba é an nuachtán, The Irish Times, i gcomhpháirtíocht le hArd-Mhúsaem na hÉireann agus le hAcadamh Ríoga na hÉireann, a bhí i mbun oibre ar an tionscadal. Sa tsraith roghnadh nithe éagsúla a thug léargas ar stair na hÉireann, a bhí tábhachtach in imeachtaí áirithe nó a bhain le lucht tionchair áirithe. Baineann na nithe go léir le bailiúcháin a bhfuil teacht ag an bpobal orthu sa tír seo agus thar lear. Roghnaíodh an phuilpid lámhshnoite fhíorbhreá a rinneadh sa naoú céad déag a bhíodh in Ard-Eaglais Cheatharlach le bheith ar an liosta. Tá an phuilpid ar taispeáint sa ghailearaí ar an gcéad urlár den Mhúsaem anois. In eagrán an 29ú Meán Fómhair 2012 de The Irish Times a foilsíodh an t-eolas faoin bpuilpid faoi uimhir 85. Is é go mór fada an ní is mó atá sa Mhúsaem agus go deimhin féin is é an ní is mó a mbíonn aghaidh na gcuariteoirí air - cuairteoirí áitiúla go speisialta.

Bhain The Irish Times agus Acadamh Ríoga na hÉireann (ARÉ) araon leas as an tsraith chun líon áirithe tionscnamh a bhunú uirthi. D'fhoilsigh ARÉ leabhar piarmheasúnaithe faoin gcéad ní. Tá na pictiúir sa leabhar agus tá an téacs a scríobh Fintan O'Toole lena dtaobh. Seoladh an leabhar in Ard-Mhúsaem na hÉireann, Dé Céadaoin 20ú Márta. Bhí an Comh. Eibhlín de Bróithe, Cathaoirleach Chomhairle Baile Cheatharlach agus an Clr. John Cassin, Cathaoirleach Bhord Mhúsaem Contae Cheatharlach i láthair. Ag Searmanas Bronnta Gradam na Leabhar Éireannach 2013 de chuid Bhord Gáis, thug an leabhar leis an duais don Leabhar Éireannach ab fhearr a bhí foilsithe.



(C go D) Fintan O'Toole, The Irish Times, An Clr. John Cassin agus an Clr. Eibhlín de Bróithe, Cathaoirleach Chomhairle Baile Cheatharlach tráth ar seoladh ‘A History of Ireland in 100 Objects’.

D'fhoilsigh ARÉ an bróisiúr, Trail, chun an pobal a spreagadh le cuairt a thabhairt ar an gcéad ní. Bróisiúr mór é an Trail seo agus bhí sé ina fhorlónadh in eagrán de The Irish

Times agus chomh maith leis sin scaipeadh stoc léarscáileanna den Trail ar gach láthair. Réitíodh an suíomh gréasáin [www.100objects.ie](http://www.100objects.ie) agus aip don fhón cliste le haghaidh an tionscadail. D'fhógair Eamon Gilmore, T.D., An Tánaiste agus Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála gur bhronntanas ó mhuintir na hÉireann don domhan mór a bhí san eagrán leictreonach den leabhar le haghaidh Lá Fhéile Pádraig chun Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh a cheiliúradh. Dar leis an Tánaiste, thabharfadh an tionscadal uathúil sin deis do dhaoine ar fud an domhain a dtaisce fhíorúil féin de stair agus de chultúr na hÉireann a íoslódáil agus thaispeánfadh sé an chaoi a ndéanann daoine ar fud an domhain a gcuid féin dár stair, go háirithe ar Lá Fhéile Pádraig.

Beidh pictiúir go leor sa leabhar, ar an suíomh gréasáin agus ar an aip mar go bhfuil an phuilpid mór agus go bhfuil neart mionsonraí ag baint léi. Bhí an tAth. Liam Lawton sásta an ceol cúlra a chur ar fáil le haghaidh na coda sin den aip ina gcuirtear síos ar an bpuilpid.

### **'Maidhc, Curadh Rás '73' agus An Post Rás 2013:**

Fógraíodh in Ard-Oifig an Phoist i mBaile Átha Cliath Dé Máirt an 29ú Eanáir go gcríochnódh agus go dtosódh céim de rás mór rothaíochta na hÉireann, An Post Rás 2013, i mBaile Cheatharlach ar an Aoine, an 24ú Bealtaine agus ar an Satharn an 25ú Bealtaine, faoi seach. Ba sa bhliain 2013 a bhí comhaireamh an dá scór bliain ann ó bhuaigh Maidhc Ó Donnchú de bhunadh Cheatharlach An Post Rás sa bhliain 1973. Cé go raibh aon rás is seasca ann ba é Maidhc an t-aon fhear as Ceatharlach a raibh an Rás buaite aige. Mar sin sa bhliain 2012 mhol Músaem Contae Cheatharlach do choiste An Post Rás go dtabharfaí cuairt ar an gcontae sa bhliain 2013 ionas go bhféadfaí an éacht spóirt seo a cheiliúradh. Ba é Joe Christle a bhunaigh an Rás agus ba de bhunadh Leithghlinn an Droichid, Co. Cheatharlach a mháthair, Johanna O'Keeffe, agus chomh maith leis sin bhíodh campa rothaíochta a bhain leis an Rás lonnaithe i gceantar Sheanleithghlinne sa chúpla scór bliain tosaigh den rás.

Sheol Mel Christle, mac Joe Christle, an taispeántas sealadach 'Maidhc, Curadh Rás '73' go hoifigiúil i Músaem Contae Cheatharlach ar an Aoine, an 24ú Bealtaine. Bhí sé féin agus a dheartháir Terry tar éis turas a chur díobh ionas go mbeadh siad i gCeatharlach an oíche sin. Labhair Mel faoina athair agus faoina dhaoine muinteartha i gCeatharlach.

Bhíodh geansaí suaithinseach trídathach Cheatharlach á chaitheamh ag Maidhc rud a d'fhágadh go mbíodh sé ar dhuine de na rothaithe ab éasca le haithint lena linn. Ba é an chéad rothaí Éireannach é a raibh urraitheoir aige – an chuideachta uisce mianraí cháiliúil a bhíodh i gCeatharlach - Corcoran & Co. Ltd. Thug Maidhc Rás Tailteann air féin den chéad uair sa bhliain 1964 agus gan é ach naoi mbliana déag d'aois. Ba í an chéim ó Bhaile Átha Cliath go Ceatharlach an chéad chéim den Rás sin. Chríochnaigh Maidhc go maith an lá sin - bhí sé sa séú háit an lá sin agus bhí an séú háit bainte amach aige sa deireadh nuair a tháinig an Rás féin chun críche. Bhíodh os cionn deich lá de rásaí i bhformhór rásaí Rás Tailteann an uair sin agus isteach is amach nó os cionn 200km achair i gceist leo. As na hamanna go léir a raibh sé san iomaíocht sa Rás thug sé an chraobh leis in 1973, bhí sé sa dara háit in 1972, tháinig sé isteach sa cheathrú háit faoi dhó agus bhuaigh sé naoi gcinn de na céimeanna san iomlán. Bhuaigh sé a

chéad chéim in 1965, bhuaigh sé trí cinn de chéimeanna in 1969, ceann amháin in 1971 agus dhá chéim in 1972 agus arís in 1973. Sa bhliain 1965 agus arís sa bhliain 1969 bhuaigh sé na céimeanna a bhí ag críochnú ina bhaile dúchais Ceatharlach.

Chuir na rothaithe díreach os cionn 154km d'achar rothaíochta díobh ar an Aoine an 24ú Bealtaine - ó Bhaile Mhistéala i gCo. Chorcaí go dtí an líne chríche ar Shráid na Beairice i mBaile Cheatharlach. Ba í seo an dara céim ab fhaide de An Post Rás 2013 agus bhí na rothaithe ag rásaíocht trí chontaetha Chorcaí, Thiobraid Árann, Chill Chainnigh agus Laoise.

Tháinig na rothaithe anuas ó Chill Uisean agus isteach ar bhóthar faoisimh an tuaiscirt agus ansin isteach ar Bhóthar Pháirc an Chuilinnigh. Ansin chas siad ar dheis isteach ar an Lána Glas agus ar aghaidh leo ansin go dtí an líne chríche ar Shráid na Beairice. Bhí luas suas le 50km san uair faoi na rothaithe a bhí chun tosaigh san iarnóin an lá sin agus iad ar an ráib dheiridh feadh Shráid na Beairice. Ba é Rico Rogers a bhí ar Fhoireann Rothaíochta Azerbaijan Synergy Baku a bhuaigh an Chéim i gCeatharlach agus choinnigh Marcin Bialoblocki a bhí ar Fhoireann Rothaíochta UK Youth Pro an tAicmiú Ginearálta (An Geansaí Buí). Bhí baint ag thart ar chúig chéad duine leis An Post Rás agus d'fhan siad go léir ar lóistín i mBaile Cheatharlach nó máguaird. Bhí na hóstáin go léir agus roinnt mhaith de na Tithe Aíochta agus de na Tithe Leaba agus Bricfeasta lán.



Buaiteoir Rás Tailteann 1973, Maidhc Ó Donnchú, sa Mhúsaem. Tá an geansaí buí a fuair sé nuair a bhuaigh sé crochta aige agus pictiúrde i bPáirc an Fhionnuisce i mBaile Átha Cliath agus é ar tí an rás a bhuanachan le feiceáil ar a chúl.

Nuair a bhí an pharáid ó Charrchlós Bhóthar an Bhruaigh Ghlais, timpeall le Plás na Cúirte agus síos Sráid Átha Cliath thart Dé Sathairn an 25ú Bealtaine thosaigh na rothaithe amach ó Oifig an Phoist ar Shráid na Boirne agus lean siad orthu feadh Ascaill Uí Chinnéide, Shráid na Beairice, Bhóthar Bhaile Staplóg agus amach ar Bhóthar na Tulaí. Chuaigh an peleton trasna an chontae agus isteach go dtí An Tulach agus thug sé a aghaidh ar Shíol Éalaigh ansin. Sa Nás a chríochnaigh an chéim ach bhí ocht ndreapadh chrua curtha díobh ag na rothaithe roimhe sin i Sléibhte Chill Mhantáin.

Chuir an Músaem i gcomhar leis An Post Rás agus Seán Mac Diarmada, an tOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre atá ag Ceatharlach comórtas ealaíne ar siúl do na bunscoileanna. Tarraingíodh deichniúr, agus bronnadh geansaí an rothaí a bhí chun cinn i bPointí Glasa An Post Rás ar gach duine den cheathrar a bhuaigh an comórtas féin nuair a chríochnaigh an chéim i gCeatharlach. Ag Rothaíocht go Sábháilte chun na Scoile an téama a bhí leis an gComórtas Ealaíne.

Buíochas le Comhairle Baile Cheatharlach, Comhairle Contae Cheatharlach agus Comhpháirtíocht Spóirt Cheatharlach a chuidigh leis an Músaem ionas go mbeadh an chéim seo den rás ar bun i mbaile Cheatharlach. Buíochas le Comhairle Baile Cheatharlach, agus go háirithe le Brian O'Donovan agus an criú a oibríonn allamuigh a chinntigh gur bhreathnaigh an baile thar barr agus a thug an-chuidiú le maoirseacht an ráis; le Brendan Walker agus le gach duine in Iontaobhas Conláistí Bhaile Cheatharlach a chuidigh linn leis na hullmhúcháin agus le maoirseacht an ráis; leis na daoine a oibríonn go deonach sa Mhúsaem agus a chuidigh linn le maoirseacht an ráis; le Pádraig Cahill agus le gach duine i gCosaint Shibialta Cheatharlach a bhí i mbun maoirseachta ar an rás; le Ger Guerin, Alan O'Neill agus lena gcomhghleacaithe sa tSeirbhís Dóiteáin a thug lámh chúnta ag deireadh na céime; le William Barry agus Paul Gilmore as na fógraí ar an ngréasán agus ar Mapalserter; leis na Sáirsintí John Foley agus David Murphy agus le gach duine de na gardaí sa Gharda Síochána i gCeatharlach; le Club Rothaíocht Bhóthair Cheatharlach, Carpenter's Bar, Reddy's Bar, Cora Brennan, Spéirbhean Cheatharlach in An Post Rás, an lucht trádála agus gnó go léir feadh Shráid na Beairice. Buíochas mór le muintir Bhaile Cheatharlach, a bhailigh ina sluaite feadh an bhealaigh agus go háirithe ag an líne críche.

Buíochas ó chroí leo seo a leanas a thug lámh chúnta don Mhúsaem chun an taispeántas a chur le chéile - Maidhc agus Jeanne Uí Dhonnchú agus a gclann, An Post Rás, Eddie Dawson, Billy Archibold, Steve Abbot, Músaem na Tulaí, Philip Morrissey ó Dan Morrissey Ireland Ltd. agus Club Rothaíocht Bhóthair Cheatharlach.



Amharc ar an taispeántas - 'Maidhc, Curadh Rás '73'.

### **Taispeántais:**

'Turais siar sna blianta- seandálaíocht sheachbhóthar Cheatharlach'

Cuireadh nithe a dtángthas orthu le linn na dtoghailtí seandálaíochta a rinneadh sular tógadh Seachbhóthar Cheatharlach ar taispeáint sa chéad taispeántas sealadach a bhí sa Mhúsaem. Tá an-tóir ag cuairteoirí air mar níor cuireadh nithe a dtángthas orthu sna toghailtí ar taispeáint in aon áit eile riamh roimhe seo. Thug Ard-Mhúsaem na hÉireann na nithe ar iasacht le haghaidh an taispeántais a bheidh ar siúl ar feadh blianta fada.

Éigse, Féile Ealaíon Cheatharlach:

Bhí an chéad taispeántas dá chuid ar siúl ag an Músaem i mbliana d'Éigse, Féile Ealaíon Cheatharlach. Eagraíodh é trí Oifig Ealaíon Údaráis Áitiúla Cheatharlach. 'Sojourn' a bhí mar theideal ar an taispeántas agus is í Saidhbhín Gibson an t-ealaíontóir. Taispeánadh na nithe agus na saothair ealaíon a bhí roghnaithe aici taobh le taobh déantán atá sa Mhúsaem agus mar sin d'fhéad na cuairteoirí súil a chaitheamh ar na taispeántáin agus iad ar a gcuairt féin ar an Músaem. Go bunúsach, chuir sí cuma dhaonna ar nithe a bhaineann leis an dúlra nó roghnaigh sí nithe a bhíonn in úsáid ó lá go lá agus chuir sí nithe dúlra leo. Bhí an t-ealaíontóir, Saidhbhín Gibson, agus an Coimeádaí Músaem, Diarmuid Ó Maolagáin, i mbun an turais thart ar an taispeántas. Labhair Saidhbhín faoi na nithe agus faoin méid a spreag í agus labhair Diarmuid faoin gcuid sin den Mhúsaem ina bhfuil na nithe.



Ceann de na saothair le Saidhbhín Gibson atá ar taispeántas sa taispeántas sa Mhúsaem faoi Mhonarcha Bróg Cheatharlach.

### **An Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn (CCMÉ):**

Táthar tar éis glacadh le Músaem Contae Cheatharlach ar an gclár de chuid na Comhairle Oidhreachta, ‘An Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn.

Tá an Clár um Chaighdeáin Músaem in Éirinn (CCMÉ) á chur i dtoll a chéile agus á chur i bhfeidhm ag an gComhairle Oidhreachta le deich mbliana anuas. Tá sé i gceist leis an tionscnamh tábhachtach seo, ina bhfuil raon leathan institiúidí bailiúcháin páirteach, caighdeáin an chúraim don bhailiúchán a ardú sna músaem agus sna gailearaithe in Éirinn. Tá sé i gceist leis an gclár seo, arb é an chéad cheann dá leithéid sa Phoblacht é, gach gné den chleachtas músaem in Éirinn a fheabhsú. Moltar d’institiúidí náisiúnta, músaem contae/cathrach, músaem á stiúradh ag pobail, músaem á stiúradh go príobháideach agus go deonach clárú agus a bheith páirteach ann.

Bhí sé ar intinn ag Músaem Contae Cheatharlach clárú ar an scéim seo nuair a bheadh foirgneamh an Mhúsaem nua oscailte. Cuireadh isteach iarratas ar an scéim i mí Mheán Fómhair 2012 agus glacadh leis i mí Feabhra 2013. Is é Músaem Contae Cheatharlach an chéad cheann de na músaem i gContae Cheatharlach le bheith páirteach ann.

Tá ceithre cinn is tríocha de bhunchaighdeáin ann atá aontaithe le haghaidh an Chláir um Chaighdeáin Músaem. Is gá cúig cinn is fiche díobh seo chun creidiúnú

eatramhach a bhaint amach, agus is caighdeán do chreidiúnú iomlán atá sna naoi gcaighdeán eile. De ghnáth, déanann Rannpháirtithe Incháilithe iarratas ar mheasúnú ar na caighdeáin eatramhacha taobh istigh de thrí bliana ó thosaigh siad ar an gclár. De ghnáth bíonn suas le cúig bliana ag rannpháirtithe chun na caighdeáin go léir a bhaint amach. Bíonn oiliúint agus tacaíocht ar fáil ón gComhairle Oidhreachta fad is a bhíonn an próiseas ar bun. Tá os cionn caoga músaem in áiteanna éagsúla ar fud na tíre cláraithe ar an gclár, agus áirítear formhór na Músaem Contae/Cathrach leo sin.

Comhlánaíodh iarratas an Mhúsaem ar an measúnú tosaigh den Chlár i samhradh na bliana 2013 agus cuireadh isteach é. Clúdaítear gach réimse de chlár na gcaighdeán sa doiciméad. Rinne triúr gairmithe Músaem seachtracha athbhreithniú ar an doiciméad seo agus ar an tríocha aguisín a bhí leis. Thug na measúnoirí, Ron Inglis, an Bainisteoir Seirbhísí Músaem agus Gailearaithe i gComhairle Cathrach Nottingham agus Helen Lanigan Wood, Iarchoimeadaí le Músaem Contae Fhear Manach cuairt ar an Músaem i mí Dheireadh Fómhair. Luaitear sna 'Trachtaí Achomair' uathu go bhfuil beocht ag roinnt leis an músaem, gur léir go ritear go maith é agus go bhfuil tacaíocht ghníomhach, fheiceálach aige ón gComhairle Baile agus ón gComhairle Contae, ó Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach agus go speisialta ó Chomhaltaí Boird an Mhúsaem. Luaitear ann freisin nár chóir go mbeadh sé deacair ar an músaem dul chun cinn go mear tríd an bpróiseas creidiúnaithe. Tá sé luaite acu faoin teideal 'Éachtaí' gur mhór an éacht é an clochar a bhíodh ann a athchóiriú agus a chur i gcaoi is gur foirgneamh músaem é anois atá tarraingteach agus suite go tairbheach le taobh na leabharlainne agus laistigh de bhonneagar turasóireachta an réigiúin. Deir siad go bhfuil caighdeáin an-mhaith maidir leis an gcúram don bhailiúchán i bhfeidhm sa Mhúsaem agus go bhfuil clár an-lán aige lena ngabhann réimse uailmhianach d'imeachtaí agus de ghníomhaíochtaí pobail. Dar leo b'iontach go deo an t-éacht é puilpid na hArd-Eaglaise a bheith san fhorlíonadh, Trail, den 100 Ní mar gur tugadh spleáchadh ar fud na tíre ar an músaem rud a mheall cuairteoirí ó chian is ó chónagar.

### **Seachtain na hOidhreachta 2013:**

Ba í an tseachtain ón Satharn 17ú Lúnasa go dtí an Domhnach an 25ú Lúnasa, agus an dá lá sin san áireamh Seachtain na hOidhreachta 2013. Ba í seo an naoú bliain a ndearna Músaem Contae Cheatharlach an bholscaireacht do na himeachtaí éagsúla a bhí ar siúl i Seachtain na hOidhreachta a chomhordú sa chontae thar ceann Údaráis Áitiúla Cheatharlach. Áiríodh léi sin an bróisiúr ina raibh liosta de na himeachtaí éagsúla a fhoilsiú. Cuireadh leaganacha leictreonacha den bhróisiúr ar shuíomhanna gréasáin Údaráis Áitiúla Cheatharlach agus Thurasóireacht Cheatharlach chomh maith lena scaipeadh trí na meáin shóisialta. Rinne An Chomhairle Oidhreachta athbhreithniú ar an mbolscaireacht do Sheachtain na hOidhreachta 2012 agus is ó fhoinsí nach foinsí na Comhairle Oidhreachta iad a fuair sí an t-eolas. Bhí Ceatharlach agus Cill Chainnigh le chéile ar bharr an liosta sa tír as ucht na gcaoltaí raidió. Ritheann Údaráis Áitiúla Cheatharlach agus Chill Chainnigh an feachtas bliantúil i bpáirt agus ba é sin an toradh a bhí ann dá bharr.

Bhí thart ar dhá scór imeacht ar siúl ar fud an chontae agus bhí siad sin eagraithe ag grúpaí agus ag eagraíochtaí éagsúla. Ó tharla go raibh Féile 800 Cheatharlach ar siúl i mbliana ba sa bhaile mór a bhí an chuid ba mhó de na himeachtaí ar siúl. Bhí baint

dhíreach ag an Músaem le líon áirithe imeachtaí, imeachtaí Fhéile 800 Cheatharlach go háirithe. Bhí ionadaíocht ag Músaem Contae Cheatharlach ar choiste Fhéile 800 Cheatharlach agus bhí baint dhíreach aici le heagrú Chomhdháil 800 Cheatharlach, Spaisteoireacht thart ar Bhaile Cheatharlach agus atiomnú na Seanreilige.

Dhá lá, Dé hAoine agus Dé Sathairn, an 23ú agus an 24ú Lúnasa, a mhair Comhdháil Cheatharlach a bhí ar siúl i gColáiste Cheatharlach. Bhí lear mór cainteoirí i láthair agus rinne siad cur síos ar an tréimhse inar tógadh an caisleán agus uaithi sin suas go dtí an 20ú céad.



Ag Comhdháil 800 Cheatharlach agus léaráid de Chaisleán Cheatharlach á bronnadh orthu ag Pat O'Neill, Uachtarán Chumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach tá (C go D) Elaine Callinan, An tOll. Donal McCartney agus an Dr. Emmett O'Byrne.

Tugadh faoi na Turais Spaisteoireachta thart ar Bhaile Cheatharlach ón Déardaoin an 22ú Lúnasa go dtí an Domhnach an 25ú agus an dá lá sin san áireamh. Rinneadh dhá thuras gach aon lá. Gnáth-thurais spaisteoireachta thart faoin mbaile a bhí sa dá cheann maidine inar cuireadh síos ar láithreacha, tréimhsí, daoine agus imeachtaí. Is iad Diarmuid Ó Maologáin, an Coimeádaí Músaeim agus beirt de chomhaltaí CSSC, Pat O'Neill agus Joe Brennan a bhí i gceannas ar na turais mhaidine. Bhain téama sonrath le turais an tráthnóna mar a ndearnadh cur síos ar thréimhse, ar dhuine nó ar imeacht faoi leith. Is iad seo a leanas na hábhair a bhí faoi chaibidil - George Bernard Shaw le Diarmuid Ó Maologáin agus Seamus O'Rourke, Amharclann Bheag Cheatharlach; Ceatharlach sna Meánaoiseanna leis an Dr. Margaret Murphy, Coláiste Cheatharlach; Ceatharlach le linn Réabhlóide le Gary Heary, údar ábhar stairiúil; Turas Spaisteoireachta faoi Lucinda Sly le Diarmuid Ó Maologáin agus Seamus O'Rourke,

Amharclann Bheag Cheatharlach. Glacadh go maith leis na turais agus b'fhiú an dá chineál a bheith ann mar d'fhreastail roinnt áirithe daoine ar bhreis is turas amháin.

Tionscadal fadtéarmach de chuid Chomhairle Baile Cheatharlach atá i gceist leis an gcúram don tSeanreilig. I mí Lúnasa cuireadh tús leis na hoibreacha cothabhála ar an reilig agus déanfar na hoibreacha seo go rialta. Rinneadh atiomnú ar an tSeanreilig faoi stiúir an Easpag Denis Nulty ar an Domhnach an 25ú Lúnasa. Bhain sé seo le Féile 800 Cheatharlach.

Scaipeadh forlónadh speisialta dar teideal '800 Years of an Irish Castle' le Turtle Bunbury sna nuachtáin de chuid The Nationalist. Scaipeadh an forlónadh ar na scoileanna agus ar na coláistí sa chontae freisin. An forlónadh mar aon le léiriú grafach agus samhail 3D den Chaisleán, a choimisiúnaigh Comhairle Baile Cheatharlach mar chuid den tabhartas d'Fhéile 800 Cheatharlach.

### **Comóradh 40 Bliain Mhúsaem Contae Cheatharlach:**

Ba ar an Luan, an 2ú Nollaig, go dtí an lá, a bhí comhaireamh an dá scór bliain ann ó osclaíodh Músaem Contae Cheatharlach an chéad lá riamh don phobal sa bhliain 1973. Bhí bunú músaeim ar cheann de na haidhmeanna a bhí ag Cumann Staire agus Seandálaíochta Cheatharlach (Old Carlow Society mar a bhíodh) arna bhunú sa bhliain 1946. Bhí cruinniú poiblí ar siúl i Halla na bhForaoiseoirí ar Shráid an Choláiste go luath sna 1970idí agus nuair a bhí sé thart ba léir go mbunófaí Músaem.

Chuir an tAth. Scallion agus Tom O'Neill, ó Mhúsaem Inis Córthaidh £100.00 isteach sa tionscadal chun an Músaem a bhunú. Fuarthas seanfhoirgneamh na mBráithre Críostaí ar léas ar £120.00 sa bhliain agus níorbh fhada go raibh coiste an Mhúsaeim go dúthrachtach díograiseach ag bailiú déantán agus ábhar. Osclaíodh Músaem Contae Cheatharlach don phobal san iarnóin, Dé Domhnaigh an 2ú lá de mhí na Nollag sa bhliain 1973. Ba é John Moriarty, Cathaoirleach Chomhairle Contae Cheatharlach a bhí i mbun na hoscailte. Ba dhuine é freisin a bhí ina chomhalta gníomhach den Chumann.

### **Baill Foirne agus Oibríthe Deonacha an Mhúsaeim:**

Beirt bhall foirne lánaimseartha atá sa Mhúsaem, Diarmuid Ó Maologáin, an Coimeadaí Músaeim, agus Seán Mac Diarmada, Oifigeach Foirne chomh maith le Martin O'Rourke, Maor Cothabhála an Fhoirgnimh a oibríonn i bpostroinnt idir an Músaem agus an tSeirbhís Leabharlainne Contae. Faightear cuidiú breise ó rannpháirtithe ar líon áirithe scéimeanna leasa shóisialaigh amhail intéirneachtaí FÁS (Jobbridge) agus daoine a bhíonn ar an gClár TÚS. Is í Turasóireacht Cheatharlach atá i mbun na hOifige Turasóireachta thar ceann Fáilte Ireland.

Tháinig líon áirithe rannpháirtithe chugainn tríd an scéim Jobbridge, sa bhliain 2013 - Damien Cronin, catalógaí; Peter Heary, cúntóir músaeim agus ceapadh Barbara Campbell agus Geraldine O'Boyle ina n-intéirnich Margaíochta agus CP i rith na bliana. Ghlacamar le líon áirithe rannpháirtithe a bhí ar an scéim TÚS. Bhí Sarah-Jane Myler agus Patrick Halpin fostaithe againn tríd an scéim sa bhliain 2013. Is í Comhpháirtíocht Forbartha Chontae Cheatharlach Teo. a fheidhmíonn an scéim TÚS.

Ó tharla go mbíonn an músaem oscailte sé lá na seachtaine ar feadh na bliana agus ar feadh seacht lá na seachtaine sa samhradh bunaíodh clár oibríthe deonacha do dhaoine den phobal ar spéis leo cuidiú linn ó thaobh feitheoireachta agus dualgais seirbhíse do chustaiméirí de. Tá idir seasca agus seachtó oibrí deonach ann a chuidíonn linn ar bhonn róta leis na dualgais seo thuas. Ní bheadh ar chumas an Mhúsaeim an tseirbhís a thugann sí a thabhairt mura mbeadh siadsan sásta ná ar fáil chun an obair a dhéanamh. Is ó chúlaí, aoisghrúpaí agus náisiúntachtaí éagsúla do na hoibríthe deonacha. Daoine áitiúla ar spéis leo a dtimpeallacht is ea roinnt mhaith díobh, scoláirí i gColáiste Cheatharlach béal dorais is ea roinnt eile agus gan ann ach gur spéis le go leor díobh an stair agus an oidhreacht.

I dtús na scoilbhliana 2012 d'aontaigh an Músaeim clárú ar an gclár comhordaithe atá ag Ionad Oibríthe Deonacha Cheatharlach, an clár d'Oibríthe Deonacha Idirbhliain Naomh Leo. Oibríonn Ionad Oibríthe Deonacha Cheatharlach i gcomhar le líon áirithe eagraíochtaí agus grúpaí sa bhaile agus sa chontae. Bíonn socrúcháin éagsúla taithí oibre ar tairiscint do na scoláirí i rith na scoilbhliana mar chuid den chlár d'Oibríthe Deonacha Idirbhliain Naomh Leo Le linn dóibh a bheith ar an taithí oibre cuireann siad rompu taighde a dhéanamh ar ní nó ar thréimhse sa stair. I ndeireadh an chláir, déantar an t-ábhar a mbíonn an taighde déanta acu air a fhoilsiú trí mheáin shóisialta an Mhúsaeim.

### **Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil (LMÚÁ)**

Thionóil Líonra Mhúsaeim na nÚdarás Áitiúil (LMÚÁ) agus Coiste an Mhúsaeim Ainmnithe araon a gcéad chruinnithe den bhliain 2013 sa Mhúsaeim i mí Feabhra. Thaistil coimeádaithe músaeim ó naoi gcinn de Mhúsaeim Contae/Cathrach go Ceatharlach le haghaidh na gcrúinnithe. Bhí ionadaithe ón Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus ó Ard-Mhúsaeim na hÉireann ina dteannta ag na cruinnithe freisin.

### **Cumann na Músaeim Éireannach (CMÉ):**

Is go Ceatharlach a tháinig Cumann na Músaeim Éireannach (CMÉ) dá bpríomhthuras agus go Ceathrú Chultúrtha Cheatharlach go háirithe, turas a rinne siad ar an Satharn, 1ú Meitheamh. Tháinig tríocha duine nó mar sin a bhain le Músaeim agus Gailearaithe éagsúla ar an turas. Thug siad cuairt ar na háiteanna seo - Visual, an t-ionad don ealaín chomhaimseartha agus amharclann George Bernard Shaw; Coláiste Cheatharlach agus Bailiúchán Ealaíne Cheatharlach; Ard-Eaglais na Deastógála; Músaeim Contae Cheatharlach agus Teach agus Garraithe Gharrán Duckett. Buíochas le Sinéad Dowling, Oifigeach Ealaíon Cheatharlach; An tAth. John McEvoy, Leas-Uachtarán Choláiste Cheatharlach; An tAth. John Cummins, Riarthóir na hArd-Eaglaise agus Jimmy O'Toole, údar ábhar stairiúil, na treoraithe a bhí againn ar na láithreacha éagsúla.



Baill CMÉ ar a gcuairt ar Bhaile Cheatharlach. Sinéad Dowling, An tOifigeach Ealaíon ag labhairt taobh amuigh de Visual.